An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

**Imlitir 0011/2020**

**POLASAÍ DON OIDEACHAS GAELTACHTA 2017-2022**

**IAR-BHUNSCOILEANNA I LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA ATÁ RANNPHÁIRTEACH SA SCÉIM AITHEANTAIS SCOILEANNA GAELTACHTA**

**Feidhmiú Leanúnach na Scéime**
**(2020 - 2021)**

**CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA, PRÍOMHOIDÍ AGUS FOIRNE TEAGAISC NA nIAR-BHUNSCOILEANNA I LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA AGUS CHUIG PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH NA mBORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA**

## 1. Cuspóir na hImlitreach

Is é cuspóir na hImlitreach seo ná a chur in iúl d'údaráis scoileanna faoi na chéad chéimeanna eile atá le glacadh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (Roinn) agus ag iar-bhunscoileanna maidir le feidhmiú leantach na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (Scéim) in 2020/21. Leanann an Imlitir seo ó Imlitreacha 0034/2017, 0022/2018 agus 0010/2019, ina ndearnadh cur síos ar chéimeanna feidhme na Scéime don tréimhse ó 2017 go 2020.

**Achoimre ar na príomhphointí:**

- Ba chóir do scoileanna leanúint leis an bpleanáil d'fheidhmiú na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta chun cáilíocht an tumoideachais[1] a fheabhsú trí na spriocanna reatha a athbhreithniú mar aon le spriocanna agus gníomhaíochtaí nua a aithint chun na critéir theanga-bhunaithe **(Aguisín 1)** a shásamh, ar mhaithe le haitheantas a ghnóthú mar scoil Ghaeltachta.

- Leanfar le tacaíochtaí spriocdhírithe breise a sholáthar chun tacú le rannpháirtíocht scoileanna sa Scéim lena n-áirítear uaireanta tacaíochta don Ghaeilge, deontas d'acmhainní i nGaeilge, forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) agus cuairteanna comhairleacha ón gCigireacht.

- Cuirfear fócas ar leith ar an dea-chleachtas sa tumoideachas atá i scoileanna na Scéime, le linn chuairteanna comhairleacha na Cigireachta don scoilbhliain 2020/21.

**Aguisín atá leis an Imlitir seo**: Critéir theanga-bhunaithe don aitheantas mar iar-bhunscoil Ghaeltachta.

[1] I gcomhthéacs na hiar-bhunscoile Gaeltachta, baineann an tumoideachas leis an gcleachtas gach achar curaclaim a mhúineadh go hiomlán trí mheán na Gaeilge, seachas curaclam an Bhéarla agus curaclaim na dteangacha iasachta.

**An tAonad um Oideachas Gaeltachta, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96**
Gaeltacht Education Unit, Marlborough St, Dublin 1, D01 RC96
T +353 1 889 6408 | AOG@education.gov.ie
www.education.ie

## 2. Clár tacaíochtaí d'iar-bhunscoileanna sa Scéim (2020 - 2021)

Mar atá leagtha amach in Imlitreacha 0034/2017, 0022/2018 agus 0010/2019, tá na hiar-bhunscoileanna sa Scéim incháilithe chun tacaíochtaí agus acmhainní breise a fháil le linn na scoilbhliana 2020/2021 chun na critéir theanga-bhunaithe a bhaint amach. Leanfar leis na tacaíochtaí breise seo a sholáthar d'iar-bhunscoileanna atá páirteach sa Scéim sa scoilbhliain 2020/21, mar seo a leanas:

- **Uaireanta breise do thacaíocht na Gaeilge**:

| An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta: Iar-bhunscoileanna | |
|---|---|
| **Rollúchán iar-bhunscoile** | **Líon na n-uaireanta breise do thacaíocht na Gaeilge in aghaidh na seachtaine don scoilbhliain 2020/21** |
| < 150 | 7 |
| 150-300 | 9 |
| >300 | 10 |

Ní chóir na huaireanta teanga breise seo a úsáid ach amháin chun tacú le riachtanais aitheanta na gcainteoirí dúchais agus na bhfoghlaimeoirí Gaeilge chun a scileanna inniúlachta sa Ghaeilge a fhorbairt agus a shaibhriú, go háirithe maidir leis an nGaeilge labhartha. Ba chóir do scoileanna breathnú ar fhoilseachán na Roinne Oideachais agus Scileanna, *Cuairteanna Comhairleacha na Cigireachta 2020/2021: Nóta Treorach do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* sa Scéim, atá ar fáil **ANSEO,** mar threoir ar úsáid na n-uaireanta tacaíochta breise seo. Déanfar monatóireacht ar úsáid na n-uaireanta seo le linn cuairteanna comhairleacha na Cigireachta**.**

Leithdháiltear na huaireanta breise do thacaíocht teanga na Gaeilge d'iar-bhunscoileanna ar an Sceideal Foirne. Beifear ag súil go ndéanfaidh scoileanna leithdháileadh na n-uaireanta tacaíochta teanga seo a bhainistiú go héifeachtach ionas go mbeidh leas iomlán le fáil ag na scoláirí astu d'fhoghlaim na Gaeilge.

De réir mar atá leagtha amach in Imlitir 0010/2019, má bhíonn iar-bhunscoil sa chás go mbíonn múinteoir de bhreis ar an gcuóta aici agus go mbronntar conradh tréimhse éiginnte (CTÉ) ar mhúinteoir mar thoradh ar leithdháileadh na scoile don Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, déanfar na huaireanta CTÉ a fhritháireamh i gcoinne leithdháileadh an aitheantais Ghaeltachta.

- **Leithdháileadh deontais:** I mí Bealtaine 2020, déanfar deontas €1,200 a íoc le gach iar-bhunscoil atá páirteach sa Scéim chun acmhainní teagaisc Gaeilge a cheannach chun tacú le soláthar tumoideachais ardcháilíochta. Tá liosta acmhainní i nGaeilge ar fáil ó láithreán gréasáin na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) ag www.cogg.ie.

  Beidh sé de dhualgas ar iar-bhunscoileanna gach taifead ar chaiteachas a choimeád chun críche iniúchta de réir na nósanna imeachta don soláthar poiblí agus airgeadais (féach soláthairtí ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe: Imlitir 13/2014). Caithfidh údaráis scoileanna a dheimhniú freisin go sásaítear riachtanais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le sócmhainní a sholáthar, a úsáid agus a dhiúscairt.

- **Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL):** Cuirfear FGL bhreise ar fáil d'iar-bhunscoileanna atá páirteach sa Scéim, agus beidh sí á comhordú ag COGG i gcomhpháirt le seirbhísí tacaíochta eile agus leis an gCigireacht. Más gá, agus de réir mar atá fáil ar acmhainní, beidh ionadaíocht ar fáil tríd an gCóras Éileamh ar Líne (OLCS) nó faoi bhainistíocht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) chun freastal ar sheimineáir/cheardlanna d'uasmhéid de dhá lá, do bheirt mhúinteoirí in iar-bhunscoileanna atá páirteach sa Scéim in 2020/2021. Is féidir na laethanta seo a éileamh ón gCóras Éileamh ar Líne tríd an nasc seo a leanas a roghnú: Forbairt Ghairmiúil Leanúnach /Gníomhaíochtaí Gairmiúla - Polasaí um Oideachas Gaeltachta. Tá sé i gceist go ndúnfar gach iar-bhunscoil atá ag feidhmiú sa Scéim ar feadh lá amháin san Fhómhar 2020 le go mbeidh sé ar chumas na múinteoirí uile freastal ar an FGL. Cuirfidh COGG na mionsonraí ar fáil maidir leis na pleananna FGL do scoileanna atá páirteach sa Scéim.

- **An tionscadal píolótach Ríomh-mhol:** Leanfar leis an tacaíocht bhreise atá curtha ar fáil don tionscadal píolótach ríomh-Mhoil a chur i bhfeidhm in iar-bhunscoileanna don scoilbhliain 2020/21. Is é is aidhm leis an tionscadal píolótach ná cur le raon na n-ábhar roghnach atá ar fáil trí mheán na Gaeilge do scoláirí in iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht. Tá an tionscadal píolótach seo dírithe faoi láthair ar Fhisic na hArdteistiméireachta. Cuirfear maoiniú breise ar fáil d'acmhainní teicneolaíochta fáisnéise agus cumarsáide (TFC) agus d'fheitheoireacht scoláirí le linn thréimhsí na gceachtanna ar líne sna hiar-bhunscoileanna nua a roghnófar don tionscadal píolótach don Fhisic Ardteistiméireachta ó Mheán Fómhair 2020.

  Sa scoilbhliain 2020/21 déanfar meastóireacht ar an tionscadal píolótach Ríomh-mhol chun fiúntas and tionchar an tionscadail a mheas.

- **Forás:** Leanfar leis an gclár forbartha Gaeilge *(Forás)* a chur i bhfeidhm sa scoilbhliain 2020/21 sa dá iar-bhunscoil atá roghnaithe cheana féin. Sa chlár píolótach seo, tá múinteoir amháin ar choibhéis lánaimseartha leithdháilte ag an dá iar-bhunscoil roghnaithe. Cabhróidh an tacaíocht bhreise seo le scoláirí na sraithe sóisearaí, ag tosú le scoláirí na chéad bhliana, ar léir gur gá dóibh a scileanna Gaeilge a fhorbairt thar thréimhse ama, le go mbeidh siad in ann an curaclam trí mheán na Gaeilge a rochtain go tairbhiúil. Sa scoilbhliain 2020/21 déanfar meastóireacht ar an *gclár Forás* chun a thionchar a mheas.

- **Foilseofar leagan leasaithe de na Treoirlínte Dea-chleachtais don Tumoideachas d'Iar-bhunscoileanna Gaeltachta in 2020** chun tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil do scoileanna maidir leis an tumoideachas ar ardcháilíocht a chur i bhfeidhm. Is féidir an Treoir a úsáid chun:

    - spriocanna agus gníomhaíochtaí a aithint chun na critéir theanga-bhunaithe don tumoideachas a bhaint amach
    - machnamh a dhéanamh ar chleachtais teagaisc agus foghlama éifeachtacha trí mheán na Gaeilge
    - plé gairmiúil ar fhoghlaim, teagasc, bainistíocht agus ceannaireacht maidir le feidhmiú an tumoideachais
    - dea-chleachtas sa tumoideachas a aithint, a fhorbairt agus a leathnú.

- **Tacaíocht na Cigireachta**:Tabharfaidh na cigirí cuairteanna comhairleacha ar na scoileanna chun tacaíocht a thabhairt dóibh i mbaint amach na gcritéar teanga-bhunaithe agus chun eolas a thabhairt don Roinn Oideachais agus Scileanna ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na scoileanna ina leith.

Chomh maith le comhairle a thabhairt do na scoileanna, breathnóidh na cigirí ar dhea-chleachtas/cleachtas nuálach maidir le soláthar tumoideachais d'ardcháilíocht atá aitheanta ag na scoileanna.

- **Ócáid chun dea-chleachtas a cheiliúradh agus a roinnt**: Beidh ócáid fhoghlaim-roinnte á heagrú i Ráithe 4, 2020 chun an dea-chleachtas nuálach sa tumoideachas atá á chur i bhfeidhm ag na scoileanna sa Scéim a cheiliúradh agus a roinnt. Cuirfear tuilleadh eolais faoin ócáid seo chuig na scoileanna sa Scéim in am trátha.

### 3. Gníomhphleanáil ar bhonn scoile-uile chun an tumoideachas a threisiú

Cuireann an fhéinmheastóireacht scoile ar chumas scoileanna páirt a ghlacadh i bpróiseas gníomhphleanála timthriallach agus athbhreithniú rialta mar chuid de sin. Ba chóir don phróiseas gníomhphleanála fianaise a bhailiú, breithmheasanna a dhéanamh, spriocanna sainiúla a aithint, gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn sna spriocanna, agus spriocanna nua a leagan amach chun cáilíocht an oideachais trí mheán na Gaeilge a threisiú.

Caithfidh scoileanna atá páirteach sa chlár DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna), de réir Plean DEIS 2017, pleananna gníomhaíochta don fheabhsúchán a fhorbairt agus a fheidhmiú do théamaí ar leith.[2] Ba chóir na spriocanna agus na gníomhaíochtaí do théamaí DEIS mar aon leo siúd atá bainteach leis na critéir theanga-bhunaithe don tumoideachas, agus/nó aon réimse/í tosaíochta eile, a chuimsiú faoi na fo-theidil ábhartha **i ndoiciméad gníomhpheanála amháin a bhfuil lipéad soiléir air.** Ba chóir do scoileanna achoimre ghairid den tuairisc fhéinmheastóireachta scoile agus den phlean feabhsúcháin scoile a roinnt lena bpobal scoile go bliantúil.

### 4. Meastóireacht ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Tá an Scéim bunaithe ar fhorbairt agus ar fheabhsú leanúnach an tumoideachais ina mbaintear úsáid éifeachtach as féinmheastóireacht (FMS) na scoile mar threoir chun spriocanna agus gníomhaíochtaí a aithint agus a chur i bhfeidhm, agus chun naisc úsáideacha a chothú idir pobal na scoile agus na coistí áitiúla don phleanáil teanga ar mhaithe le húsáid na Gaeilge a leathnú.

Tá plean forbartha ag an Aonad um Oideachas Gaeltachta i gcomhpháirt leis an bhForas Taighde ar Oideachas do Staidéar Taighde agus Meastóireachta trí bliana, chun tionchar na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta a mheas chun bonn eolais a thabhairt do pholasaí agus do chleachtas sa todhchaí.

Léireoidh torthaí an staidéir mheastóireachta láidreachtaí na Scéime agus beidh siad mar bhonn eolais do thuilleadh feabhsúcháin chun oideachas ardcháilíochta trí mheán na Gaeilge a sholáthar d'fhonn aitheantas a fháil mar scoil Ghaeltachta. Foilseofar Tuairisc eatramhach ilchodach ó thátail an Staidéir Taighde agus Meastóireachta in 2020.

[2]Plean DEIS 2017: Na téamaí: tinreamh, coinneáil, dul chun cinn, litearthacht agus uimhearthacht, ceannaireacht, folláine, forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL), aistrithe, comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus gnóthachtáil i scrúduithe.

## 5. Eolas Breise/Ceisteanna Coitianta

Beidh rannpháirtíocht leanúnach na n-iar-bhunscoileanna sa Scéim ag brath ar choinníollacha na hImlitreach seo, agus aon imlitreacha eile a bhaineann leis an Scéim. Más é cinneadh na Roinne, ag aon am, nach bhfuil coinníollacha na Scéime á gcomhlíonadh, coimeádtar an ceart scoil a bhaint ón Scéim. Má bhítear míshásta le cinneadh na Roinne maidir le haon ghné ar leith de riar na Scéime, déanfaidh painéal neamhspleách achomharc a mheas.

Leanfaidh an tAonad um Oideachas Gaeltachta sa Roinn Oideachais agus Scileanna ag maoirsiú, ag bainistiú agus ag tacú le feidhmiú an *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* agus an *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* sa chéad chéim feidhme eile.

Déantar eolas breise agus nuashonruithe faoin *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* agus faoin b*Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* a fhoilsiú go rialta ar láithreán gréasáin na Roinne. Tá ceisteanna coitianta ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Roinne, agus déanfar iad a nuashonrú go rialta.

Ba chóir fiosruithe maidir le feidhmiú na Scéime nó an *Pholasaí* a sheoladh ar ríomhphost chuig [aog@education.gov.ie](mailto:aog@education.gov.ie) nó trí ghnáthphost chuig: **An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, DO1 RC96**.

Treasa Kirk
Ceannasaí, An tAonad um Oideachas Gaeltachta
An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Feabhra 2020**

**Iarrtar ar phríomhoidí iar-bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta aird gach comhalta uile den bhord bainistíochta, na Boird Oideachais agus Oiliúna, na múinteoirí (lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta), pátrún na scoile, na foirne coimhdí, na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus an phobail scoile áitiúil, a dhíriú ar an Imlitir seo. Tá fáil ar an imlitir seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag: [www.education.ie](http://www.education.ie)**

## Aguisín 1

## Critéir theanga-bhunaithe don aitheantas mar iar-bhunscoil Ghaeltachta

| | |
|---|---|
| **1.** | Leathnú ar an bhfáil ar churaclam a bhfuil cur chuige lántumtha aige, áit a múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla agus teangacha eile, trí Ghaeilge. |
| **2.** | Eispéiris oideachais ardchaighdeáin trí Ghaeilge a sholáthar do na scoláirí uile agus aird ar leith á díriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge[3] chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge. |
| **3.** | Plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile-uile a fhorbairt:<br>• a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus<br>• a dhéanfaidh na buntáistí le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc phobal na scoile (príomhoide, foireann, scoláirí, tuismitheoirí agus bord bainistíochta). |
| **4.** | Athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí mheán na Gaeilge chun feabhsúchán leanúnach a chinntiú tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS). |
| **5.** | An tSonraíocht T1 don Ghaeilge a chur i bhfeidhm sa tSraith Shóisearach. |
| **6.** | Acmhainní Gaeilge a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas don Bhéarla agus teangacha iasachta. |
| **7.** | Gníomhaíochtaí curaclaim, comhchuraclaim agus (más ann dóibh) gníomhaíochtaí seach-churaclaim, a sholáthar trí Ghaeilge. |
| **8.** | Tacú leis an bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga (faoi Acht na Gaeltachta, 2012) trí chuidiú le húsáid agus cothabháil na Gaeilge sa scoil agus sa phobal Gaeltachta áitiúil. |
| **9.** | Tús áite a thabhairt d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil, agus le páirtithe eile |
| **10.** | Naisc theanga agus chultúrtha atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú le bunscoileanna agus/nó iar-bhunscoileanna áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge trí úsáid a bhaint as deiseanna foghlama ar líne agus foghlama cumais. |
| **11.** | Gach iarracht a dhéanamh foireann teagaisc agus foireann choimhdeach a earcú atá líofa sa Ghaeilge agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic theanga agus chultúrtha na Gaeltachta. |

[3] Sainmhínítear cainteoir dúchais Gaeilge mar leanbh a thógtar trí Ghaeilge i bpobal Gaeilge ina labhraíonn a t(h)uismitheoirí Gaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide sa bhaile, agus go ndeirtear amhlaidh nuair a chláraítear ar scoil é/í. (Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, lch 11)